

## Nóta faoi Thograí maidir le Ciste Oirchille

### Notá 3 de 2017 ón Oifig Buiséid Pharlaiminteach

#### Réamhrá

Déantar cur síos achomair sa Nóta seo ar fheidhmeanna cistí oirchille agus tugtar samplaí ann dá n-úsáid i ndlínsí eile. Tugtar achoimre ann ar na húsáidí éagsúla a d'fhéadfaí a bhaint as ciste oirchille. Leagtar amach ann freisin moltaí na hOifige Buiséid Parlaimintí faoi ghnéithe éagsúla den struchtúr agus den rialachas a ghabhfaidh le ciste den sórt sin i dtaca leis na húsáidí éagsúla a d'fhéadfaí a bhaint as.

#### An Comhthéacs

Is uirlis é ciste oirchille atá forbartha ag Rialtais agus a fheidhmíonn mar chosaint stuama ar shuaitheadh fíoscach. Is iondúil go n-úsáidtear cistí den sórt sin d'fhonn airgead a úsáidtear chun tacú leis an ngeilleagar le linn turnamh a chur i leataobh nuair atá ag éirí go maith leis an ngeilleagar.

Bíonn tionchar ag srianta agus imthosca polaitiúla na ndlínsí éagsúla ina bhfeidhmíonn cistí oirchille, agus ag cineál an tsuaite fhioscaigh a bhfuil siad deartha chun cosaint a thabhairt air, ar fhoirm na gcistí oirchille. Leagtar amach in [Ciste Oirchille — Páipéar Comhchomhairliúcháin](#) ón Roinn Airgeadais dhá úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ciste oirchille:

- uirlis bheartais um chobhsaíocht fhritimthriallach, nó
- ciste teagmhais 'Aon uaire'.

Chomh maith leis sin, déantar cur síos ann ar thogra chun cúlchiste teagmhais, i.e. airgead a chuirtear i leataobh sa bhuiséad *bliantúil* chun caiteachais gan choinne a chur i gcuntas, a ghlacadh.

#### Saincheisteanna Rialachais

Beidh tionchar an chiste faoi réir rialacha éifeachtacha a bheith ann. Ní foláir do na rialacha cóimheá a bhaint amach idir é a bheith deacair rochtain a fháil ar an gciste nuair atá ag éirí go maith leis an ngeilleagar gan bac a chur lena chur in úsáid nuair is gá, cuntasacht an Rialtais don

Oireachtas a chaomhnú agus tacú le hoibriú fadtréimhseach an chiste. Mura ndéanfar ciste oirchille nó ciste teagmhais a chur ar bhonn bunreachtúil, féadfaidh Rialtas amach anseo (le ceadú ó Thithe an Oireachtais) na critéir úsáide a athrú agus an ciste a chaitheamh de réir mar is mian leis.

#### Samplaí de Chistí Oirchille agus de Chúlchistí Teagmhais

Níl cistí oirchille coitianta i dtíortha na hEorpa. Déantar "Cúlchiste Cobhsaíochta" a oibriú san Eastóin. Bunaíodh an ciste sin sa bhliain 1997 chun socrú a dhéanamh maidir le maoiniú le linn géarchéimeanna agus i gcásanna gan choinne. Sa bhliain 2016, b'ionann luach an chiste agus €406 milliúin (tuairim is 1.9% den OTI, 5% de chaiteachas an Rialtais). Is í parlaimint na hEastóine a rialaíonn úsáid an chiste bunaithe ar thogra ón Rialtas.

Déanann roinnt tíortha AE eile, lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc agus an Spáinn, cúlchistí teagmhais a chothabháil mar chuid dá bpróisis bhuiséid. Is cistí iad sin a chuirtear i leataobh sa bhuiséad bliantúil chun caiteachais gan choinne a íoc. Fágann siad go mbíonn ar chumas reachtas buiséid atá ag teacht níos fearr leis an méid iarbhrí a chaitear i rith bliana a cheadú.

Tháinig cistí oirchille chun cinn i dtús báire mar uirlis a chuir ar chumas Rialtais Stáit i Stáit Aontaithe Mheiriceá tacú le caiteachas reatha le linn turnaimh gheilleagair. Is iondúil go mbíonn ar Stáit i Stáit Aontaithe Mheiriceá iasachtaí a fháil chun caiteachas reatha a mhaoiniú. Mura bhfuil airgead curtha i leataobh acu, ceanglaítear orthu caiteachais a chiorrú láithreach má tá aon easnamh ioncaim ann. Déantar cistí oirchille i gcomhthéacs Stáit Aontaithe Mheiriceá a dhearadh chun athruithe ar chaiteachas a 'scaipeadh go cothrom' agus chun an luaineacht a gcláir na Rialtais Stáit a laghdú. Bíonn srianta dochta ann maidir leis an gcumas rochtain a fháil ar na cistí agus is minic gur gá an t-airgead a aisíoc sách sciobtha.



## Uirlis bheartais fhritimthriallach

Is éard atá i gceist leis seo ciste oirchille a úsáid chun caiteachas a scaipeadh go cothrom i gcaitheamh an timthrialla eacnamaíoch. Ciallaíonn sé sin go n-úsáidfidís an ciste chun tacú le fostaíocht agus le caiteachas caipitil le linn turnaimh. Go fadtréimhseach, bhainfeadh an Stát tairbhe as na hinfheistíochtaí agus as an mborradh ar acmhainneacht an gheilleagair a thiocthadh dá mbarr.

Cuirfidh iolraitheoir fioscach íseal na hÉireann teorainn le tionchar ciste oirchille fhritimthriallaigh, áfach. Ina theannta sin, bunaithe ar anailís ar spreagadh agus ar thurnaimh san am a caitheadh, is dócha nach bhfuil an ciste oirchille mar atá sé beartaithe mór go leor chun spreagadh éifeachtach a thabhairt.

Má táthar chun an ciste oirchille a úsáid mar uirlis bheartais um chobhsaíocht fhritimthriallach, molann an Oifig Buiséid Pharlaiminteach na nithe seo a leanas:

- Gur chóir sásra uathoibríoch a leagan amach sa reachtaíocht maidir le hacmhainní a thabhairt don chiste.
- Gur chóir go sonrúfaí sa reachtaíocht cathain a tharraingeofaí as an gciste agus conas a dhéanfaí sin.
- Nár chóir teorainn a chur le méid an chiste.
- Gur chóir don Rialtas freisin, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, féachaint an bhféadfaí athruithe a dhéanamh ar an gComhaontú Cobhsaíochta agus Fáis chun freastal d'úsáid an chiste.

## Ciste Teagmhais 'Aon uaire'

D'fhéadfaí ciste a chothabháil mar chiste teagmhais chun íoc as caiteachais gan choinne, ar a n-áirítear tubaistí nádúrtha. Dá ndéanfaí an ciste a struchtúru ar an gcaoi sin, thabharfadh sé breis solúbthachta don Rialtas go díreach tar éis teagmhas gan choinne agus bheifí in ann cúnaimh a chur ar fáil go sciobtha.

Measann an Oifig Buiséid Pharlaiminteach gur dócha go mbeadh méid beartaithe an chiste (€3 bhiliún faoi dheireadh 2021) leordhóthanach chun íoc as costais ghearrthréimhseacha a thiocthadh chun cinn mar gheall ar ghéarthaibh nádúrtha, teagmhas sceimhlitheoireachta nó mórphaindéim. I gcás mórthruaillí núicléach nó sa chás go dtitfeadh dliteanais theagmhasacha áirithe amach, áfach, d'fhéadfadh nár leor an ciste.

Má táthar chun ciste a úsáid mar chiste teagmhais do theagmhais aon uaire, molann an Oifig Buiséid Pharlaiminteach na nithe seo a leanas:

- Nár chóir an 'ciste oirchille' a thabhairt air toisc go bhfuil an téarma sin níos cuí do chiste a úsáidtear mar uirlis bheartais fhritimthriallach.
- Gur chóir méid an chiste a shocrú ag leibhéal oiriúnach i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara.
- Go ndéanfaí na himthosca inar féidir tarraingt as an gciste a leagan amach go soiléir ó thaobh scála agus chineál na n-éileamh ar an gciste.
- Gur chóir go gcuirfí srianta leis an gciste d'fhonn leanúint den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis a chomhlíonadh.

## Cúlchiste Teagmhais do Chaiteachas na Bliana sin

Moladh amháin sa pháipéar comhchomhairliúcháin is ea cúlchiste teagmhais a bhunú agus airgead a bheadh fágtha sa cúlchiste teagmhais ag deireadh na bliana a aistriú chuig an gciste oirchille. Chabhródh sé seo lena chinntiú go bhféadfaí caiteachas gan choinne a ghlanadh gan dul thar Uasteorainneacha Caiteachais an Rialtais. Maidir leis an gcúlchiste teagmhais, molann an Oifig Buiséid Pharlaiminteach na nithe seo a leanas:

- Go ndéanfaí an cúlchiste teagmhais a chur ar bhonn foirmiúil mar chuid d'Uasteorainneacha Caiteachais an Rialtais agus go mbeadh Vóta ann dó i bpróiseas na Meastachán.
- Go ndéanfaí caiteachas ón gcúlchiste teagmhais ar mhodh Meastachán Forlíontach, i.e. an Dáil do cheadú airgead a eisíoc ó Vóta nua, tiomnaithe.
- Go mbeadh treoirilínte soiléire ann maidir le céard a mheasfaí mar chaiteachas gan choinne le linn na bliana.

**Séanadh:** Is í an Oifig Buiséid Pharlaiminteach a d'ullmhaigh an doiciméad seo lena úsáid ag Comhaltaí Thithe an Oireachtais chun cabhrú leo agus iad i mbun a ndualgas parlaiminteach. Níl sé i gceist gur doiciméad cuimsitheach ná críochnaitheach é. Féadfaidh an Oifig Buiséid Pharlaiminteach aon fhaisnéis atá ann a bhaint, a athrú nó a leasú aon tráth gan réamhfhógra a thabhairt. Ní ghlacann an Oifig Buiséid Pharlaiminteach freagracht as aon tagairtí nó naisc chuig aon fhaisnéis atá á coimeád ag tríú páirtithe, ná as ábhar aon fhaisnéise atá á coimeád ag tríú páirtithe.

Teagmháil: [PBO@oireachtas.ie](mailto:PBO@oireachtas.ie)

Téigh chuig an leathanach gréasáin: [www.Oireachtas.ie/PBO](http://www.Oireachtas.ie/PBO)

Dáta Foilsithe: 20 Nollaig 2017